


Léigh tuilleadh >

# Ar mhaith leat do shaineolas dlí a úsáid agus difríocht a dhéanamh?

Tar ag obair i Rannóg Dhlíodóir na gCoimisinéirí Ioncaim mar Phríomhdhlíodóir/Abhcóide

Raon scála pá €108,152-€133,775

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Léigh tuilleadh >

# Treoraigh, Múnlaigh, Cuir i gcrích.

Is deis í seo do ghairmí dlí a bhfuil taithí acu ról bainistíochta sinsearaí a ghlacadh i Rannóg dlí dinimiciúil inmheánach, ag tacú le Dlíodóir na gCoimisinéirí Ioncaim seirbhísí dlí den chaighdeán is airde a sholáthar i raon réimsí cleachtais.



Léigh tuilleadh >

# An Ról

Is éard atá i gceist le ról an Phríomhdhlíodóra/Abhcóide ná foireann dlí ardfheidhmíochta a threorú maidir le comhairle dlí a sholáthar agus i stiúradh agus bainistiú dlíthíochta agus réitigh díospóidí thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim sna réimsí cleachtais seo a leanas:

- Cásanna achomhairc chasta agus ardluacha cánach
- Dlíthíocht chasta agus ardluacha os comhair na nUaschúirteanna
- Ionchúisimh achomair agus indíotáilte
- Dlí tráchtála agus dócmhainneachta
- Dlí cánach, custam agus máil
- Dlí maoine, cothromais agus iontaobhais

Léigh tuilleadh >

# Cé ba chóir cur isteach air?

Tá muid ag lorg daoine a bhfuil an méid seo a leanas acu:

- Saineolas teicniúil
- Taithí ar fhoirne a threorú agus a bhainistiú
- An cumas raon leathan feidhmeanna a bhainistiú, lena n-áirítear:
    - Ionadaíocht a dhéanamh ar Dhlíodóir na gCoimisinéirí Ioncaim, de réir mar is gá, ag fóraim inmheánacha agus sheachtracha,

  agus

    - rannchuidiú le treo straitéiseach agus bainistíocht fhoriomlán Rannóg Dhlíodóir na gCoimisinéirí Ioncaim agus tacú leis an treo straitéiseach sin.

Léigh tuilleadh >

# Bunriachtanais Iontrála

Ní mór d'iarrthóirí ar an gCéadaoin, 26 Lunasa 2026 nó roimhe sin:

a. (i) a bheith cláraithe nó a bheith i dteideal a bheith cláraithe le Dlí-Chumann na hÉireann chun cleachtadh mar dhlíodóir sa Stát.

NÓ

a. (ii) a bheith glaoite chun Barra na hÉireann nó a bheith i dteideal a bheith glaoite chun Barra na hÉireann.

**Féach lastall le haghaidh riachtanais bhreise**

[Léigh tuilleadh >](#)

# Bunriachtanais Iontrála ar lean

:Ina theannta sin, ní mór d'iarrthóirí faoin gCéadaoin 26 Lunasa 2026 nó roimhe:

b) Cúig bliana ar a laghad de thaithí ábhartha iarcháilíochta a bheith agat ag soláthar comhairle dlí nó ionadaíocht i réimsí amhail cáin, custaim, dlí Ioncaim, dlíthíocht shibhialta nó choiriúil, nó réimsí ábhartha eile AGUS

c) Taithí a bheith agat le déanaí i gceannas nó ar bhainistiú foirne dlí nó ildisciplíneacha AGUS

d) Taithí ag an leibhéal sinsearach a bheith agat le déanaí ag obair ar chúrsaí dlí casta, lena n-áirítear dlíthíocht, ionchúisimh, nó cásanna achomhairc chánach.

**Féach an leabhrán Eolais d'Iarrthóirí le haghaidh liosta iomlán agus mionsonraithe de bunriachtanais iontrála**.

Léigh tuilleadh >

# Cén fáth na Coimisinéirí Ioncaim?

Cuirtear an méid seo a leanas ar fáil:

- Gairm bheatha thairbheach agus fiúntach
- Forbairt ghairmiúil leanúnach
- Fócas láidir ar fholláine agus ar chothromaíocht oibre is saoil, lena n-áirítear deiseanna oibre cumaisc.
- Cultúr comhoibritheach le saineolaithe ábhair i gcúrsaí cánach agus dlí.



Léigh tuilleadh >

Tóg an chéad chéim eile i do ghairm agus déan difríocht.

Déan iarratas inniu.

Dáta Deiridh: 13.00 Dé Céadaoin an 26ú Lunasa 2026.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs